Rialtas Nua

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na cainteanna atá ar siúl chun rialtas nua a bhunú.

Bí ag obair leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír? Iarraigí ar an teagascóir cabhrú libh mura bhfuil sibh cinnte.

i mbun cainte
rialtas mionlaigh
polasaithe
lá dorcha gruama
frustrachas
cur amú ama
easpa dul chun cinn
Neamhspleáigh
cinneadh
cúpla lá gnóthach
amach romhainn

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Éist leis an mír den dara huair agus ansin pléigh ábhar na míre leis an duine in aice leat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo thíos:

(1) Cén dá pháirtí atá i mbun cainteanna agus cén fáth?

(2) Cén fáth a bhfuil Louise O'Reilly míshásta?

(3) Cén chéad rud a bheidh le socrú ag an dá pháirtí sula bpléifidh siad aon ní eile?

(4) Cén bhaint atá ag na Neamhspleáigh leis an scéal?

Ceist 4 '…is dóigh liom…'

Is minic a úsáidtear an chopail chun tuairimí agus dearcthaí a chur in iúl, mar shampla: *is maith liom* agus *is dóigh liom*. Cad is brí leis na cinn seo thíos?

- is oth liom

- is cuma liom
- is mian liom
- is fuath liom
- is baol liom
- is bocht liom
- is breá liom

Ceist 5 '…cúpla lá…'

Bíonn an t-ainmfhocal a leanann an focal 'cúpla' sa tuiseal ainmneach, uatha i gcónaí. Cuir na focail thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

cúpla uair
cúpla focal
cúpla duine
cúpla bliain
cúpla babhta

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa:

- Cad atá i gceist le rialtas mionlaigh?
- Ar mhaith leat go mbeadh Enda Kenny ina Thaoiseach arís?
- An bhfuil mórán difríochtaí idir polasaithe Fhianna Fáil agus Fhine Gael, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
i mbun cainte – *engaged in discussion*
rialtas mionlaigh – *minority government*
polasaithe – *policies*
lá dorcha gruama – *a dark and gloomy day*
frustrachas – *frustration*
cur amú ama – *waste of time*
easpa dul chun cinn – *lack of progress*
Neamhspleáigh – *Independents*
cinneadh – *decision*
cúpla lá gnóthach – *a few busy days*
amach romhainn – *ahead*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
is oth liom – *I regret*
is cuma liom – *I don't care*
is mian liom – *I'd like to, I wish*
is fuath liom – *I hate*
is baol liom – *I'm afraid, I fear*
is bocht liom – *I'm sorry*
is breá liom – *I love*

Ceist 5
cúpla uair – *a few times*
cúpla focal – *a few words*
cúpla duine – *a few people*
cúpla bliain – *a few years*
cúpla babhta – *a few times, occasions*

Ceist 6
Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha
Tá Fine Gael agus Fianna Fáil i mbun cainte tráthnóna le súil is rialtas nua a bhunú. Is ag díriú ar rialtas mionlaigh atá an dá pháirtí agus ar conas mar a d'oibreodh[1] a leithéid de shocrú. Tuigtear nach mbeidh aon phlé eatarthu ar pholasaithe ag an dtráth[2] seo.

Sorcha Ní Riada
Lá dorcha gruama a bhí i mBaile Átha Cliath inniu agus is beag rian a bhí ar pholaiteoirí ó aon pháirtí. Do labhair Louise O'Reilly ó Shinn Féin leis na meáin faoin bhfrustrachas agus cur amú ama, a deir siadsan, atá ann toisc an easpa dul chun cinn ó thaobh rialtais a chur le chéile. Tuigtear gur socraíodh ag cruinniú idir an tAire Sláinte, Leo Varadkar, agus an Teachta Dála Jim O'Callaghan ó Fhianna Fáil go leanfaí le cainteanna idir an dá pháirtí mhóra inniu. Meastar go mbeifear ag díriú ar conas a d'oibreodh[3] rialtas mionlaigh sula dtabharfar[4] aghaidh ar aon ábhar ar leith.

Éamon Ó Cuív, TD, Fianna Fáil
Beidh comhráite idir Fianna Fáil agus Fine Gael maidir le cén leagan amach a bheadh ar rialtas mionlaigh. Nuair a bheidh a fhios againn é sin, is dóigh liom go ndéanfaidh na Neamhspleáigh a n-intinn suas cé acu taobh a dtiocfaidh siad leis. Anois an rud nach féidir liomsa a fhreagairt ag an bpointe seo, an bhféadfadh roinnt Neamhspleách dul taobh amháin agus roinnt Neamhspleách dul taobh eile, nó an dtiocfaidh siad ar fad ar aon taobh amháin.

Seán Kyne, TD, Fine Gael
Teastaíonn cinneadh go luath agus sin an fáth anois a bhfuil Fine Gael agus Fianna Fáil ag teacht le chéile chun na rudaí tábhachtacha a phlé faoi… an mbeidh Fianna Fáil in ann tacú le rialtas mionlaigh le Fine Gael. Tá caint freisin go mbeidh Fine Gael ag tacú, b'fhéidir, le Fianna Fáil. Níl a fhios agam faoi sin ach… mar is é Fine Gael an páirtí is mó.

Sorcha Ní Riada
Cúpla lá gnóthach amach romhainn gan aon dabht. Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4 i dTeach Laighean.

[1] *a oibreodh* a deirtear
[2] Córas na Mumhan
[3] *a oibreodh* a deirtear
[4] *sara thabharfar* a deirtear